Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15802/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0355(COD)**

**JAI 1542**
**COPEN 409**
**DROIPEN 167**
**ECOFIN 1251**
**UEM 401**
**GAF 39**
**CODEC 2221**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 582 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2014/62/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 582 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 582 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 17.10.2023
COM(2023) 582 final

2023/0355 (COD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2014/62/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal '*Long-term competitiveness of the EU: looking beyond 2030* [Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030]'([1]) , leag sé béim ar a thábhachtaí atá córas rialála lena n-áirithítear go mbainfear amach cuspóirí ar an gcostas is ísle. Dá bhrí sin, tá sé tiomanta iarracht nua a dhéanamh na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú agus a shimpliú, agus é mar aidhm dheiridh aige ualaí den sórt sin a laghdú 25 %, gan an bonn a bhaint de na cuspóirí beartais gaolmhara.

Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe maidir le forfheidhmiú ceart agus faireachán cuí ar reachtaíocht a áirithiú. Ar an iomlán, déantar a gcostais a fhritháireamh leis an tairbhe a bhaineann leo, go háirithe maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh príomhbheart beartais agus comhlíonadh na bpríomhbheart sin a áirithiú. Mar sin féin, is féidir le ceanglais tuairiscithe ualaí díréireacha a fhorchur ar pháirtithe leasmhara, go háirithe ar FBManna agus ar mhicreachuideachtaí, i bhfianaise forbairtí eagraíochtúla agus teicneolaíocha freisin lena n-éilítear go ndéanfaí ceanglais tuairiscithe bhunaidh a choigeartú. D'fhéadfadh oibleagáidí atá iomarcach, dúbláilte, nó imithe i léig, minicíocht agus uainiú neamhéifeachtúil, nó modhanna bailithe neamhleora a bheith mar thoradh ar charnach na gceanglas sin le himeacht ama.

Dá bhrí sin, tugtar tús áite d'oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú agus d'ualaí riaracháin a laghdú. Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm don togra seo tionscnamh a shimpliú a áirítear sa phríomh-uaillmhian 'Geilleagar a Fhóireann do Dhaoine' i réimse beartais an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta.

Leis an togra, déanfar na hoibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú trí dheireadh a chur le tuarascálacha nach bhfuil gá leo a thuilleadh.

Baineann na ceanglais tuairiscithe le húdaráis phoiblí. Leis an togra seo, chuirfí deireadh leis an oibleagáid atá ar údaráis inniúla na mBallstát sonraí staidrimh a tharchur chuig an gCoimisiún maidir le líon na gcionta góchumtha agus maidir le líon na ndaoine a ionchúisítear agus a chiontaítear i gcionta góchumtha, mar a leagtar síos in Airteagal 11 de Threoir 2014/62/AE[2]. Cé go bhfuil deacrachtaí ag údaráis na mBallstát sonraí iontaofa a bhailiú agus a tharchur chun an fhoráil shonrach sin a chomhlíonadh, níl ról lárnach acu i gcur chun feidhme éifeachtach an ghnímh dhlíthiúil shonraigh sin.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá an togra ina chuid den chéad phacáiste beart chun na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú. Is céim é sin i bpróiseas ina mbreathnaítear go cuimsitheach ar na ceanglais tuairiscithe reatha, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a n-ábharthacht leanúnach agus chun iad a dhéanamh níos éifeachtúla.

Ní dhéanfaidh an cuíchóiriú a thugtar isteach leis na bearta sin difear do bhaint amach cuspóirí sa réimse beartais, ar na cúiseanna seo a leanas:

Is é príomhchuspóir Threoir 2014/62/AE an euro agus airgeadraí eile a chosaint ar ghóchumadh tríd an dlí coiriúil.

---

[1] COM(2023)168.

[2] IO L 151, 21.5.2014, lch. 1.

Bunaítear leis rialacha íosta maidir le cionta coiriúla agus smachtbhannaí a shainiú i réimse góchumtha an euro agus airgeadraí eile chomh maith le forálacha coiteanna chun an comhrac in aghaidh na gcionta sin a neartú agus chun imscrúdú orthu a fheabhsú agus chun comhar níos fearr a áirithiú i gcoinne an ghóchumtha.

Áirítear ar phríomhghnéithe na Treorach coiriúlú a dhéanamh ar 'tháirgeadh' agus ar 'dháileadh' airgeadraí góchumtha chomh maith le 'cionta ullmhúcháin', amhail gnéithe slándála a tháirgeadh, forálacha maidir le pionóis, agus prionsabal an chríochachais agus na dlínse seach-chríochaí. Áirítear inti freisin foráil maidir le huirlisí imscrúdaitheacha áirithe a úsáid, agus foráil lena n-áirithítear gur féidir leis na Lárionaid Náisiúnta um Anailísiú agus leis na Lárionaid Náisiúnta um Anailísiú Monaí anailís a dhéanamh ar ghóchumadh an euro le linn imeachtaí breithiúnacha atá ar siúl. Tá sé fíor-riachtanach na heilimintí sin a thrasuí go héifeachtach sa reachtaíocht náisiúnta chun cuspóirí na Treorach a bhaint amach.

Thairis sin, ceanglaítear leis an Treoir ar na Ballstáit sonraí staidrimh ábhartha a bhaineann le líon na gcionta a bhaineann le nótaí agus monaí góchumtha agus líon na ndaoine a ionchúisítear agus a gcuirtear pianbhreith orthu a tharchur chuig an gCoimisiún.

Chuideodh na sonraí sin, i bprionsabal, le léargas níos iomláine a fháil ar fhadhb an ghóchumtha ar leibhéal an Aontais agus ar an gcaoi sin rannchuideofaí le freagairt níos éifeachtaí a fhoirmliú.

Mar sin féin, is léir ón taithí a fuarthas nach bhfuil na sonraí staidrimh maidir le himeachtaí coiriúla a dhéanann na Ballstáit i leith ghóchumadh an euro de réir na forála seo inchomparáide agus gur minic a bhíonn siad scaipthe, neamhiomlán agus míchruinn. Dá bhrí sin, sa chleachtas, ní chuireann an oibleagáid go héifeachtach le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh i dtaobh an bhfuil a cuspóir bainte amach ag an Treoir.

Mura ndéantar na hoibleagáidí a chomhlíonadh maidir le sonraí staidrimh a thuairisciú, ní féidir údar a thabhairt i gcoitinne le Ballstáit a scaoileadh saor ó na hoibleagáidí sin. Os a choinne sin, ba cheart iarrachtaí ar chomhlíonadh a bheith mar thoradh air sin, lena n-áirítear trí chineálacha éagsúla cur chuige a thástáil agus/nó trí chaighdeáin agus formáidí coiteanna tuairiscithe ag an gCoimisiún a éascú mar bhonn leis na hoibleagáidí tuairiscithe ar na Ballstáit.

Mar sin féin, maidir le góchumadh an euro, tá oibleagáidí tuairiscithe ann cheana féin maidir le líon na monaí góchumtha agus na nótaí bainc góchumtha a coigistíodh. Ní mór d'údaráis náisiúnta i dtíortha an Aontais nótaí agus monaí góchumtha a sheoladh chuig a lárionaid náisiúnta um anailísiú lena n-anailísiú agus lena sainaithint. Ní mór do bhainc agus d'institiúidí creidmheasa eile gach nóta agus mona euro a bhfuil amhras acu gur nótaí agus monaí góchumtha iad a tharraingt siar ó chúrsaíocht agus iad a thabhairt ar láimh do na húdaráis náisiúnta ábhartha.

Dá bhrí sin, tá méid agus treochtaí an fheiniméin sin doiciméadaithe go maith agus tá sé ar eolas ag na húdaráis inniúla náisiúnta[3]. Maidir leis an réimse sonrach coireachta sin, níl an oibleagáid sonraí staidrimh maidir le himeachtaí coiriúla a thuairisciú fíor-riachtanach chun a áirithiú go mbainfear cuspóirí na Treorach amach agus go ndéanfar faireachán orthu.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Faoin gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála, áirithíonn an Coimisiún go bhfuil a reachtaíocht oiriúnach don fheidhm, dírithe ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus go

[3] Déantar na sonraí uile maidir le nótaí agus monaí góchumtha a chlárú sa Chóras Monatóireachta ar Ghóchumadh de chuid BCE agus déantar iad a chomhroinnt leis na húdaráis inniúla náisiúnta trí thuarascálacha agus trí rannpháirtíocht i gcruinnithe grúpaí saineolaithe.

n-íoslaghdaíonn sí ualaí agus go bhfuil a chuspóirí á mbaint amach aige ag an am céanna. Dá bhrí sin, is cuid den Chlár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála an togra seo, rud a laghdaíonn castacht na n-ualaí tuairiscithe a eascraíonn as timpeallacht dhlíthiúil an Aontais.

Cé go bhfuil ceanglais tuairiscithe áirithe fíor- riachtanach, ní mór iad a bheith chomh héifeachtúil agus is féidir, forluí a sheachaint, ualaí nach bhfuil gá leo a bhaint agus réitigh dhigiteacha agus idir- inoibritheacha a úsáid a mhéid is féidir.

Leis an togra reatha, déantar na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú, rud a fhágann go mbeidh baint amach chuspóirí na reachtaíochta níos éifeachtúla agus ualach níos lú ann d'údaráis phoiblí.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é an bunús dlí don togra seo Airteagal 83(1) maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, atá comhoiriúnach le Treoir 2014/62/AE.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Forchuirtear na ceanglais tuairiscithe lena mbaineann le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, is fearr iad a chuíchóiriú ar leibhéal an Aontais chun deimhneacht dhlíthiúil agus comhsheasmhacht tuairiscithe a áirithiú. Áiritheofar leis sin cothrom iomaíochta do riaracháin phoiblí ar fud an Aontais, riaracháin a thairbheoidh de chuíchóiriú na gceanglas tuairiscithe a eascraíonn as na bearta sin.

- **Comhréireacht**

Le cuíchóiriú na gceanglas tuairiscithe, simplítear an creat dlíthiúil trí athruithe íosta a thabhairt isteach ar na ceanglais atá ann cheana nach ndéanann difear do shubstaint an chuspóra beartais níos leithne. Dá bhrí sin, tá an togra teoranta do na hathruithe sin is gá chun tuairisciú éifeachtúil a áirithiú gan aon cheann de ghnéithe substaintiúla na reachtaíochta lena mbaineann a athrú.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é nach mbaineann na leasuithe ach le scriosadh oibleagáide ar na Ballstáit sonraí a sholáthar, rud nach gá do na Ballstáit aon trasuí a dhéanamh ina leith, meastar gurb é Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacfar i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 83(1) CFAE an ionstraim dlí is iomchuí.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

  N/B

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

  N/B

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Sainaithníodh an togra seo tar éis próiseas grinnscrúdaithe inmheánaigh ar na hoibleagáidí tuairiscithe atá ann cheana agus bunaithe ar an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme na

reachtaíochta gaolmhaire. Ós rud é gur céim é sin i bpróiseas an mheasúnaithe leanúnaigh ar cheanglais tuairiscithe a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais, leanfar den ghrinnscrúdú ar ualaí den sórt sin agus ar a dtionchar ar pháirtithe leasmhara.

- **Measúnú tionchair**

Baineann an togra le hathruithe teoranta agus spriocdhírithe ar an reachtaíocht d'fhonn na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú. Tá sé bunaithe ar thaithí a fuarthas ó chur chun feidhme na reachtaíochta. Níl tionchar mór ag na hathruithe ar an mbeartas, ach áirithítear leo cur chun feidhme níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí. Mar gheall ar a chineál spriocdhírithe agus ar easpa roghanna beartais ábhartha, ní gá measúnú tionchair a dhéanamh.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is togra de chuid an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíochta Rialála é seo a bhfuil sé mar aidhm aige reachtaíocht a shimpliú agus ualaí ar pháirtithe leasmhara a laghdú.

Leis an togra, déanfar an t-ualach riaracháin ar údaráis inniúla a laghdú trí dheireadh a chur le ceanglas iomarcach maidir le tuairisciú staidrimh.

- **Cearta bunúsacha**

N/B

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

N/B

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

N/B

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an togra seo, aisghairtear Airteagal 11 de Threoir 2014/62/AE maidir leis an euro agus airgeadraí eile a chosaint ar ghóchumadh tríd an dlí coiriúil, agus na himthosca ar leith a bhaineann le góchumadh airgeadraí agus an euro a chomhrac á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, cuireann sé deireadh leis na ceanglais iomarcacha maidir le tuairisciú staidrimh a bhunaítear leis an bhforáil shonrach sin.

2023/0355 (COD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2014/62/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe maidir le faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Mar sin féin, tá sé tábhachtach na ceanglais sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir dár beartaíodh iad agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.

(2) Le hAirteagal 11 de Threoir 2014/62/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], ceanglaítear ar na Ballstáit sonraí staidrimh a tharchur chuig an gCoimisiún, ar a laghad gach 2 bhliain, maidir le líon na gcionta a bhaineann le nótaí agus monaí góchumtha agus líon na ndaoine a ionchúiseofar sna cionta sin agus a chiontófar i dtaca leis na cionta sin.

(3) Maidir le góchumadh an euro, tá oibleagáidí tuairiscithe ann cheana féin maidir le líon na monaí agus na nótaí bainc góchumtha a coigistíodh, is é sin Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001 ón gComhairle[6]. Tá méid agus treochtaí an fheiniméin sin doiciméadaithe go maith agus tá sé ar eolas ag na húdaráis inniúla náisiúnta. Maidir leis an réimse sonrach coireachta sin, níl an oibleagáid sonraí staidrimh maidir le himeachtaí coiriúla a thuairisciú fíor-riachtanach chun a áirithiú go mbainfear cuspóirí Threoir 2014/62/AE amach agus go ndéanfar faireachán orthu.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart deireadh a chur leis an gceanglas faoi Airteagal 11 de Threoir 2014/62/AE, i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal '*Long-term competitiveness of the EU: looking beyond 2030* [Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030]'[7].

---

4 IO C 271, 19.9.2013, lch. 42.

5 Treoir 2014/62/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le cosaint an euro agus airgeadraí eile ar ghóchumadh tríd an dlí coiriúil, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2000/383/CGB ón gComhairle (IO L 151, 21.5.2014, lch. 1).

6 Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001 lena leagtar síos na bearta is gá chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (IO L 181, 4.7.2001, lch. 6).

7 COM(2023)168.

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach ('CAE') agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'), níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(6) ['I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i leith na réimsí saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo 'NÓ 'I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i leith na réimsí saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar do Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.' ].

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2014/62/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Scriostar Airteagal 11 de Threoir 2014/62/AE.

*Airteagal 2*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |